

## ❖ An Lúibín ❖

6 Meán Fómhair 2004

Nuachtlitir Choicisiúil



### Lá faoin tor

*Historical tours for Gaelgeoirí in Australia: a good idea – or a wasted day. (Does it depend on the refreshment?)*

Is faiseanta an rud é ar na saolta seo daoine a thabhairt trí na sráideanna ar thuras staire nó litríochta, ag taispeáint na n-ionad a bhaineann le heachtraí nó le daoine. Ní taise do chathair Melbourne i Victoria na hAstráile é, go háirithe ó tá cuid mhaith fágtha d'fhoirgnimh agus de lánaí an 19ú haois anseo – aois ar bhláthaigh an chathair agus í ina shárshampla de nósanna tógála na linne. Chuir na mílte Éireannach fúthu i Melbourne ó thimpeall 1840 i leith, agus an teanga Ghaeilge ag mórán acu. Tá a fhios againn cá raibh siad ina gcónaí agus cén obair a bhíodh á dhéanamh acu – na cailíní aimsire, na sclábhaithe iarnróid, na hóstóirí, go fiú an bheagáin (ar nós Niocláis Uí Dhomhnaill) a bhí ina scoláirí. Rith sé leis *An Lúibín* gur mhaith an tseift turas Gaeilge a bheith ann Lá 'le Pádraig, abair, nó Bloomsday. (Ní bheadh *An Lúibín* ar an gcuideachta – ní thaithíonn sé tithe tábhairne na laethanta seo, ná aon áit sheansúil eile.) Níl aon fháth ach oiread nach bhféadfaí turas níos faide a dhéanamh agus cuairt a thabhairt ar na ceantair agus ar na bailte móra amuigh faoin tuath mar ar chuir na Gaeil fúthu céad go leith bliain ó shin.

Ní i Melbourne amháin is féidir é seo a dhéanamh. Tá Sydney pulctha le stair agus le stairiúlacht. Seachnaíonn an méid seo ceist eile: cad is stair ann? An í an fhírinne í, nó tóraíocht na fírinne, nó iarracht ar chruth a chur ar thimpistí an tsaoil? Iad go léir. Bheadh lá faoin tor agat, ar aon chuma, agus beagán oiliúna ina theannta.



### Fleá cheoil

*Passion and profit - Fleá Cheoil na hÉireann.*

Deirtear uaireanta gur mó an tsuim atá ag daoine i gceol tíre na hÉireann taobh amuigh den tír ná taobh istigh. Tá idir chruthú agus bhréagnú na tuairime sin le fáil ag Fleá Cheoil na hÉireann gach bliain, agus na tithe ósta lán go doras, de réir mar a dúirt *Lá* le déanaí. Dúradh go raibh 10,000 ceoltóir ag an bhFleá i gCluain Meala i mbliana as Éirinn agus as tíortha eile, agus ní raibh lucht gnó na háite thíos leis – ní hannamh go saothraítear 15 milliún Euró nó os a chionn san áit a bhfuil an Fhéile ar siúl. I Leitir Ceanainn a d'fhéadfadh an Fhleá a bheith an bhliain seo chugainn, agus beidh na siopadóirí ag tnúth leis an lá.

### Téacsleabhair

*Irish-language textbooks are in short supply – and many schools don't want them.*

Tá os cionn 35,000 dalta Gaeltachta agus Gaelscoile ann, agus cuid mhaith acu (más fíor do *Foinse*) gan téacsleabhair Ghaeilge. Dúirt urlabhra de chuid na Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta nach raibh na téacsleabhair ag daltaí Rang 6, agus go raibh an scéal go dona freisin ag leibhéal na hArdteistiméireachta. Is amhlaidh a d'fhoilsigh an Chomhairle téacsleabhair

Ghailge agus a chuir an scéala amach chun na scoileanna, ach níor tháinig an oiread sin orduithe ar ais. Dúirt a lán scoileanna gurbh fhearr leo na téacsleabhair Bhéarla a úsáid – scoileanna Gaeltachta go háirithe. Ní cúis iontais é seo má chuimhnítear ar an méid Béarla atá á labhairt sa Ghaeltacht leis na blianta fada agus ar an méid teaghlach nach dtógann a gclann le Gaeilge ann. Is iad na Gaelscoileanna is mó a ordaíonn leabhair ón gComhairle – comhartha ar an áit a mbeidh fás na teanga feasta.

### **Achrann pleanála**

*Planning and rezoning have long been contentious in Ireland. Enquiries have revealed the corruption that resulted. Now there is evidence of intimidation.*

Mar a léirigh roinnt fiosrúcháin, bhí córas pleanála na hÉireann beo riamh ar bhreabaireacht agus ar chalaóis. Má bhí aithne agat ar an duine ceart bhí tú istigh. Talamh gann agus éileamh mór, agus daoine ann a d'fhéadfadh slám mór pingíní a dhéanamh as an ngnó. Beag an t-ionadh mar sin go mbeadh cuid de na daoine sin toilteanach bascadh, bualadh agus bás féin a bhagairt orthu siúd a chuireann ina gcoinne. De réir mar a deir tuairisc in *Foinse*, is iomaí scéal faoina leithéid a bhí á insint ag cruinniú i Mainistir na Búille i gContae Ros Comáin, áit ar tháinig daoine le chéile as gach cearn den tír mar chuid de ghréasán nua náisiúnta. Córas 'cóir' pleanála atá uathu. Dúirt urlabhra an ghréasáin gur minic nach bhfuil d'acmhainn ag daoine an dlí a chur ar na bitihúnaigh atá ag déanamh bagartha. Dúirt sí freisin gur chúis iontais é an líon daoine ar tugadh drochíde den saghas seo dóibh, agus gur beag cabhair a bhí le fáil ó na Gardaí.

Tá rian na staire ar an ngnó seo. Dóigh challóide agus chonspóide ba ea cúrsaí talaimh in Éirinn riamh, agus is annamh nach raibh baint ag an lámh láidir leis an scéal. Cibé screamh den tsíocháin atá ar shaol na tíre, is furasta do stair ghránna na sinsear briseadh tríthi. Tá Éire dílis do na sean-nósanna – ródhílis sa chás seo; agus is fada go mbeidh deireadh leis an spórt.



### **Báid agus Longa**

*Ireland has water everywhere – around it, inside it, and pouring from above – and a maritime and boating history to match. The notes below are adapted from those published in An Lúb (máthair An Lúibín) some years ago. In this issue: wooden vessels, starting with the once ubiquitous dug-out.*

Crann snámha ollmhór atá ar na rudaí a chaomhnaítear in Iarsmalann Náisiúnta na hÉireann; bád chomh mór sin (18 méadar ar fad agus 1.5 méadar ar leithead) gur ar éigean a d'fhaighfeá crann san Eoraip inniu a sholáthódh an t-adhmad chuige. Sa Chloch-Aois a rinneadh í, nuair a bhí an chuid ba mhó den tír faoi choillte arda agus i bhfad níos mó lochanna ann ná mar atá anois. Tír chrannach ba ea Éire anuas go dtí an 17ú haois, agus í lán d'uisce i gcónaí. Bhí feidhm á baint as an gcrann snámha chomh fada is a bhí na coillte ag fás agus ceardaí ann a raibh tál ar láimh aige.

'Coite' a thugtaí ar an gcrann snámha, ainm a thabharfá anois ar bhád beag, agus d'fhág sí a rian ar na logainmneacha: Áth an Choite i gContae Luimnigh, mar shampla. Rinne an Sasanach Gerard Boate tagairt do na coití timpeall na bliana 1645 i ngeall ar a líonmhaire a bhí siad, cé nach raibh sé toilteanach iad a mholadh: bhí siad 'very unshapely, being nothing but square pieces of timber made hollow'.

Is léir, mar sin féin, go raibh ceardaíocht éigin i ndéanamh na gcoití, rud atá le haithint ar chuid de na cinn is luaithe a mhair. Ba í an deacracht ba mhó ag an gceardaí ná tiús na dtaobhanna a mheas, agus tá fianaise ann go mbaintí feidhm as cleas coitianta chuige: poill a dhéanamh agus tairní maide a shá tríothu leis an tiús a thomhas. Líonfaí na poill ina dhiaidh sin.

Tá iarsmaí le fáil ar fud na tíre a thugann léargas ar dhéanamh agus ar úsáid na gcoití; orthu sin tá iarsmaí a fuarthas i gcrannóg láimh le Baile an Doire i gContae Iarmhí, crannóg a tógadh

beagán roimh an mbliain 1000 AD, agus leibhéil nua á gcur léi de réir mar a bhí an tseanchuid ag dul chun raice. De réir mar a bhí an chrannóg á hatógáil bhí an bruscar á chartadh, agus ar an dea-uair mhair iarsmaí briste coití sna leibhéil ab ísle. Bhí cuid de chabhail coite ann a bhí timpeall sé troithe déag ar fad agus dhá thriog ar leithead, agus í snoite go mín, cúramach as adhmaid darach. Bád sásta ba ea í, de réir dealraimh, agus cliathánaigh ísle uirthi. Bhí rudaí eile ann: blúirí de chéasla chuasbhosach, agus earraí ba shuimiúla ná aon rud eile, b'fhéidir – dhá ghlúin adhmaid. Bhí ceann acu tathagach fós, agus dhá pholl inti; baintear feidhm as a leithéidí fós chun tochtáí a cheangal de ghunail na gcurach. Ar leibhéal eile fuarthas cliathán coite a raibh tacaí na dtochtáí snoite go deas ann. Bhí dhá pholl dola ar an mbéalbhach – rud a chuirfeadh in iúl gur rámh (in áit céaslaí) a bhí á n-úsáid ann. Bhí an cliathán timpeall ocht dtroithe ar fad, agus an bhéalbhach troigh ar airde ar a laghad. Bád í, mar sin, a d'iompródh ualach sách mór, broсна nó móin nó cúpla ainmhí féin. Feirmeoirí a bhí ina gcónaí sna crannóga, agus bhaintí feidhm as na coití chun cuairt a thabhairt ar na páirceanna nó chun caora nó torthaí a bhailiú. (Aisteach le rá, níor thángthas trasna ar aon chnáfairt éisc sa chrannóg áirithe seo.)

Fuarthas neart coití sna locha a bhaineann le Loch Éirne agus in áiteanna eile, agus cruthanna éagsúla orthu - cuid acu cuar, cuid eile fada. Le hídú na gcrann tháinig coití nua a raibh an chuma chéanna orthu, ach iad míndéanta de chláracha leathana. Tá siad fós ann.



Ar ámharaí an tsaoil tá léaráidí comhaimseartha de na seanchoití agus de sheanbháid eile againn ón 16ú haois. Sa bhliain 1594 rinne an saighdiúir Sasanach John Thomas pictiúir uiscédhatha de léigear Chaisleán Inis Ceithleann, daingean ar le Brian Mag Uidhir é. Tá neart bád beag ann, cuid acu tarraingte aníos in aice le campa na Sasanach ('Cotes for the use of the Campe'), agus beirt eile ag tabhairt broсна anall leo. An chuma chéanna orthu go léir: iad caol, réthónach, leathan as a dtosach agus a ndeireadh in ionad a bheith ag caolú leo ar an ngnáthshlí. Na hiomróirí (stoithneacháin Ghaelacha) ina suí thiar agus céaslaí acu. Is deacair toirt na mbád seo a mheas go cruinn, mar níl an chomhréir ná an pheirspectíocht thar mholadh beirte. Tá dhá choite eile ann atá sách mór, bád dhá chrann agus bád gan chrann, beirt iomróirí suite thiar i ngach ceann acu, iad plódaithe le fir agus roinnt gunnaí á scaoileadh; cuireann nóta in iúl go bhfuil tríocha saighdiuir á n-iompar ag gach ceann acu.

Is díol spéise iad na soithigh eile atá ann: dhá bháid mhóra chláracha aonchrainn. Tá rian na gcoití orthu seo, sa mhéid gur leathan as a dhá gceann atá siad ar aon leibhéal leis an mbéalbhach. Tá an ceann is toirtiúla díobh á n-úsáid chun saighdiúirí a thabhairt i dtír. Tá cábán fada uirthi a bhfuil fuinneoga beaga ann, agus tá sí á tiomáint le sé rámh fhada ar gach taobh. Dhá radharc uirthi: í amuigh i lár an locha agus í buailte le bruach an oileáin ('ankered to breach'), áit a bhfuil buíon armtha ag teacht amach aisti.

In aice gheata an chaisleáin tá bád beag de shórt a d'aithneofaí gan dua inniu. Is le Mag Uidhir féin í, bád clárach atá géar as a dhá ceann. Seo seantraidisiún eile, agus bhí na báid a fáisceadh as le fáil go flúirseach anuas go dtí ár n-aimsir féin ar an gcósta thoir, thuaidh agus theas – báid, mar a dúirt an scoláire E. Estyn Evans, a mbeadh súil agat leo sna caolais Lochlannacha féin: iad scairdhéanta, aclaí agus maisiúil.



Is í an soitheach adhmaid ba shuntasá in Éirinn agus in iarthar na hAlban le linn Eilíse ná an bhirling, long fhada rámháiochta a bhaineadh taosigh mhara agus fhoghlaithe mara leas aisti – minic go leor ba iad na daoine céanna iad. Gráinne Mhaol Ní Mháille is mó a luaitear leis na longa seo, agus bhí a leithéidí eile ann.

Tá a n-íomhá snoite ar leachtanna taoiseach in Inse Ghall agus in Earraghàidheal: crann amháin iontu, agus barrleibheann troda air uaireanta; stiúir ar chuid acu; ocht nó naoi de phoill rámh a na taobh i gcuid acu, rud a fhágann go mbeidís timpeall caoga troigh ar fad; airde mhór sa phost

tosaigh agus sa phost deiridh, agus an post deiridh beagnach ingearach. Ba dhóigh leat orthu go mbeidís acmhainneach i bhfarraige agus oiriúnach freisin do na cuanta agus do na caolais.

D'éirigh le duine amháin ar a laghad mionsamhail a dhéanamh den bhirling. Tá cuntas uirthi le J. Andrews in *Model Shipwright 1972-1997: An Anthology* (Conway Maritime Press 1997). Bunaíodh í ar íomhá loinge atá ar shéala Raghnaill, tiarna Inse Ghall, a bhí suas sa 12ú haois. Bhain Andrews feidhm freisin as an mionchuntas a dhéanann foclóir Gàidhlig Dwelly ar dhéanamh traidisiúnta na mbád, cé go mbeadh air dul sa seans le rudaí éigin, gan amhras. Is mór an chosúlacht atá idir an long seo agus na longa a bhí á n-úsáid ag muintir na Gaille le linn na Rómhánach agus a bhfuil mionstaidéar déanta ar a gcuid iarsmaí; ach longa míndéanta ba ea iadsan, agus long chlinse is ea mionsamhail Andrews, ar nós longa na Lochlannach – dream a lonnaigh go forleathan ar fud Inse Gall. B'fhiú stáidéar níos déine a dhéanamh ar éabhlóid na birlinge agus ar an tionchar a bhí ag traidisiúin eile uirthi.

(Ar leanúint.)



## Leathanach Luibheolaíoch

### Lusanna Astrálacha

*A continuation of the botanical list in the last edition. This time, names in Irish for some Australian bushes and shrubs.*

Seo liosta eile de phlandaí atá coitianta i Victoria na hAstráile, áit dhúchais An Lúibín.

*Acacia paradoxa* hedge wattle **caoladán f1 deilgíneach**  
*Tor tiubh leathan an-deilgneach. Bláthanna órbhuí ar dhéanamh liathróide.*

*Acacia pycnantha* golden wattle **caoladán f1 órga**  
*Duilleoga cuara. Mórán bláthanna órbhuí ar dhéanamh liathróide.*

*Acacia verticillata* prickly moses **coróin b spíne**  
*Tor oscailte. Duilleoga ar dhéanamh deilge ina bhfáinní ar na gasa.*

*Bursaria spinosa* sweet bursaria **spíonachán f1 cumhra**  
*Tor sách deilgneach. Meallta de bhláthanna cumhrá bána.*

*Callistemon sieberi* river bottlebrush **scuabóg b2 bhándearg**  
*Tor silte. Duilleoga caola. Bláthanna ar dhéanamh spíce nó ‘scuabóige’ caoile; dath buíbhán nó bándearg orthu.*

*Cassinia aculeata* common cassinia **scothán f1 bán**  
*Duilleoga cumhra dúghlasa; droim bán orthu. Bláthanna beaga bána ina mbraislí ar barr.*

*Correa glabra* rock correa **cloigín f4 buí**  
*Tor tiubh. Duilleoga dúghlasa. Bláthanna glasbhuí ar dhealramh cloigín.*

*Dillwynia cinerascens* grey parrot pea **scothán f1 dearg**  
*Duilleoga caola liathghlasa. Braislí de bhláthanna beag oráisteacha ar barr.*

*Dodonea viscosa* wedge-leaf hop-bush **tor f1 na sparán**  
*Duilleoga gléghlasa. Bláthanna suaracha ag fás air ar dtús, ansin cochaill rua.*

*Goodenia ovata* hop goodenia **scaipire f4 óir**  
*Tor oscailte spréite. Bláthanna glébhúí.*



Colin Ryan  
[colger@melbpc.org.au](mailto:colger@melbpc.org.au)